C/2026/3535

2.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12374 — EVH GE / HSBC / EGE DÖLLNITZ)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3535)

1. An 24 Meitheamh 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EVH Grüne Energie - Beteiligung GmbH & Co. KG ('EVH GE', an Ghearmáin), faoi rialú chathair Halle (Saale, an Ghearmáin),

— HSBC Alternative Investments S.C.A. SICAV-RAIF ('HSBC SICAV-RAIF', Lucsamburg), a bhaineann leis an nGrúpa HSBC (an Ríocht Aontaithe),

— EGE-Energiespeicher Döllnitz GmbH ('EGE Döllnitz') (an Ghearmáin), atá i seilbh EVH GE faoi láthair.

Gheobhaidh EVH GE agus HSBC SICAV-RAIF rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 4 den Rialachán um Chumaisc, ar EGE Döllnitz ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EVH GE gníomhach i nginiúint agus soláthar leictreachais, gáis agus teasa, agus i bhforbairt agus oibriú saoráidí comhfhreagracha,

— Is cuideachta infheistíochta é HSBC SICAV-RAIF atá faoi úinéireacht an ghrúpa HSBC é. Tá grúpa HSBC gníomhach i ndeighleoga éagsúla den tionscal baincéireachta.

3. Amach anseo, oibreoidh EGE Döllnitz saoráid stórála ceallraí in Döllnitz (an tSacsain-Anhalt, an Ghearmáin).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta ([2]) a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoina bhráid.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12374 — EVH GE / HSBC / EGE DÖLLNITZ

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a chur chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost ach úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË